

EBA/GL/2026/02

13/02/2026

Treoirlínte

maidir le modhanna éagsúlaithe miondíola comhréireacha faoi
Airteagal 123(1) de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013

1. Comhlíonadh agus oibleagáidí tuairiscithe

Stádas na dtreoirlínte seo

1. Tá treoirlínte sa doiciméad seo a eisíodh de bhun Airteagal 16 de Rialachán (AE) Uimh. 1093/2010¹. De réir Airteagal 16(3) de Rialachán (AE) Uimh. 1093/2010, ní mór d'údaráis inniúla agus d'institiúidí airgeadais gach iarracht a dhéanamh na treoirlínte a chomhlíonadh.
2. Sna treoirlínte leagtar amach tuairim ÚBE maidir le cleachtais mhaoirseachta iomchuí laistigh den Chóras Eorpach um Maoirseacht Airgeadais nó maidir le conas ba cheart dlí an Aontais a chur i bhfeidhm i réimse ar leith. Ba cheart d'údaráis inniúla, mar a shainmhínítear iad in Airteagal 4(2) de Rialachán (AE) Uimh. 1093/2010 lena mbaineann treoirlínte, comhlíonadh trí na treoirlínte a ionchorprú ina gcleachtais mar is cuí (e.g. trína gcreat dlíthiúil nó a bpróisis mhaoirseachta a leasú), agus cásanna ina bhfuil na treoirlínte dírithe go príomha ar institiúidí airgeadais san áireamh.

Ceanglais maidir le tuairisciú

3. De réir Airteagal 16(3) de Rialachán (AE) Uimh. 1093/2010, ní mór d'údaráis inniúla fógra a thabhairt do ÚBE maidir le cibé an bhfuil nó nach bhfuil na treoirlínte seo á gcomhlíonadh acu, nó cibé an bhfuil nó nach bhfuil sé ar intinn acu iad a chomhlíonadh, nó cúiseanna a sholáthar le neamhchomhlíonadh ar shlí eile, faoin 19.05.2026. In éagmais aon fhógra faoin spriocdháta seo, measfaidh ÚBE go bhfuil údaráis inniúla neamhchomhlíontach. Ba chóir fógraí a sheoladh tríd an bhfoirm atá ar fáil ar shuíomh gréasáin ÚBE a chur isteach agus an tagairt 'EBA/GL/2026/02' air. Ba cheart go mbeadh fógraí curtha isteach thar ceann a n-údarás inniúil ag daoine a bhfuil an t-údarás cuí acu chun comhlíonadh a thuairisciú. Ní mór aon athrú ar an stádas comhlíonta a thuairisciú do ÚBE freisin.
4. Foilseofar fógraí ar shuíomh gréasáin ÚBE, de réir Airteagal 16(3).

¹ Rialachán (AE) Uimh. 1093/2010 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 24 Samhain 2010 lena mbunaítear Údarás Maoirseachta Eorpach (An tÚdarás Baincéireachta Eorpach), lena leasaítear Cinneadh Uimh. 716/2009/CE agus lena n-aisghairtear Cinneadh 2009/78/CE ón gCoimisiún, (IO L 331, 15.12.2010, lch. 12, ELI: <http://data.europa.eu/eli/reg/2010/1093/oj>).

2. Ábhar, raon feidhme agus sainmhínithe

Ábhar

5. I gcomhréir le hAirteagal 123(1) de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013 arna leasú le Rialachán (AE) 2024/1623 (CRR), sonraítear sna treoirlínte seo modhanna éagsúlaithe comhréireacha faoina measfar neamhchosaint mar cheann de líon suntasach neamhchosaintí comhchosúla mar a shonraítear i bpointe (c) d'Airteagal 123(1) de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013.

Raon feidhme

6. Ba cheart do na húdaráis inniúla na treoirlínte sin a chur i bhfeidhm i gcomhréir le raon feidhme chur i bhfeidhm Airteagal 123(1) de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013.

Seoltaí

7. Tá na treoirlínte seo dírithe ar údaráis inniúla mar a shainmhínítear iad in Airteagal 4, pointe (2)(i) de Rialachán (AE) Uimh. 1093/2010 agus ar institiúidí airgeadais mar a shainmhínítear iad in Airteagal 4(1) de Rialachán (AE) Uimh. 1093/2010.

Sainmhínithe

8. Mura sonraítear a mhalairt, tá an bhrí chéanna sna Treoirlínte ag téarmaí a úsáidtear agus a shainmhínítear i Rialachán (AE) Uimh. 575/2013. Ina theannta sin, tá feidhm ag na sainmhínithe seo a leanas:

Neamhchosaint mhiondíola incháilithe

<i>Aon neamhchosaint a chomhlíonann na ceanglais a leagtar amach in Airteagal 123(1), pointe (a), pointe (b) agus pointe (d) de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013.</i>
--

Neamhchosaint urrúsaithe

<i>Aon neamhchosaint is bunús le hurrúsú, a ndéantar neamhchosaintí a eascraíonn as suíomh san urrúsú sin a ualú ina leith ó thaobh riosca de faoi Chaibidil 5 de Chuid a Trí, Teideal II de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013.</i>

Neamhchosaint neamhurrúsaithe

<i>Aon neamhchosaint atá ualaithe ó thaobh riosca de faoi Chaibidil 2 de Chuid a Trí, Teideal II de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013. Ar mhaithe le soiléireacht, áirítear leis sin neamhchosaintí atá ina gcuid</i>

de phunann urrúsaithe i gcás nár baineadh aistriú riosca suntasach amach.

3. Cur chun feidhme

An dáta iarratais

9. Beidh feidhm ag na treoirlínite seo ón 19.05.2026.

4. Modhanna éagsúlaithe miondíola comhréireacha

10. Chun críche Airteagal 123(1), pointe (c) de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013, ba cheart a mheas gurb ionann neamhchosaint agus ceann amháin de líon suntasach neamhchosaintí a bhfuil saintréithe comhchosúla acu, sa chaoi is go laghdaítear go suntasach na rioscaí a bhaineann le neamhchosaint den sórt sin, i gcás ina mbaineann sí le punann atá éagsúlaithe go leordhóthanach i gcomhréir le mír 11.
11. Ba cheart a mheas go bhfuil punann éagsúlaithe go leordhóthanach i gcás nach mó ná 10% an cóimheas idir suim luachanna neamhchosanta na neamhchosaintí miondíola móra incháilithe, mar a shainmhínítear i mír 12, thar shuim luachanna neamhchosanta neamhchosaintí miondíola incháilithe uile na hinstitiúide.
12. Ba cheart neamhchosaint mhiondíola incháilithe a mheas mar neamhchosaint mhór mhiondíola incháilithe nuair a sháraíonn an cóimheas idir a luach neamhchosanta agus suim luachanna neamhchosanta neamhchosaintí miondíola uile na hinstitiúide an tairseach 0.2 %. Chun neamhchosaintí móra miondíola incháilithe a shainaithint, ba cheart don institiúid na neamhchosaintí miondíola incháilithe ar chliant nó ar ghrúpa cliant nasctha a láimhseáil, de réir mar is infheidhme, mar neamhchosaint aonair, ina ndéantar iomlán dá luachanna neamhchosanta.
13. Ba cheart don institiúid a mheas ar dtús an gcomhlíonann an phunann atá comhdhéanta de neamhchosaintí miondíola incháilithe uile na hinstitiúide an coinníoll a leagtar amach i mír 11.

14. I gcás nach gcomhlíonann an phunann atá comhdhéanta de neamhchosaintí miondíola incháilithe uile na hinstitiúide an coinníoll a leagtar amach i mír 11, féadfaidh an institiúid neamhchosaint mhór mhiondíola incháilithe amháin nó níos mó a eisiamh uaithi mar a shainmhínítear i mír 12.
15. Maidir leis an bpunann a eascraíonn as eisiamh na neamhchosaintí arna ndéanamh i gcomhréir le mír 14, ba cheart a mheas go bhfuil sí éagsúlaithe go leordhóthanach má chomhlíonann sí an coinníoll a leagtar amach i mír 11.
16. Níor cheart na neamhchosaintí arna n-eisiamh i gcomhréir le mír 14 a mheas mar neamhchosaintí a léiríonn ceann amháin de líon suntasach neamhchosaintí a bhfuil saintréithe comhchosúla acu chun críche Airteagal 123(1), pointe (c) de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013.
17. I gcás punainne ina bhfuil neamhchosaintí urrúsaithe, ba cheart an measúnú ar chomhlíonadh choinníoll an éagsúlaithe dá dtagraítear i mír 11 a dhéanamh maidir leis na neamhchosaintí miondíola atá mar bhunús leis an urrúsú amhail is nach ndearnadh na neamhchosaintí foluiteacha sin a urrúsú, i gcomhréir le hAirteagal 255(6) de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013. Dá bhrí sin, níor cheart ríomh na gcóimheas dá dtagraítear i míreanna 11 agus 12 a dhéanamh le haghaidh phunann iomlán neamhchosaintí miondíola incháilithe na hinstitiúide, ach ba cheart é a dhéanamh ar leithligh le haghaidh trí fhophunann. Go sonrach:
 - a) Maidir leis an bhfophunann atá comhdhéanta de neamhchosaintí neamhurrúsaithe, níor cheart ach neamhchosaintí neamhurrúsaithe a áireamh san uimhreoir agus san ainmneoir.
 - b) Maidir leis an bhfophunann atá comhdhéanta de neamhchosaintí urrúsaithe ina ngníomhaíonn an institiúid mar thionscnóir, ba cheart na neamhchosaintí urrúsaithe sin agus na neamhchosaintí neamhurrúsaithe uile araon a áireamh san uimhreoir agus san ainmneoir .
 - c) Maidir leis an bhfophunann atá comhdhéanta de neamhchosaintí urrúsaithe ina ngníomhaíonn an institiúid mar infheisteoir, níor cheart ach na neamhchosaintí urrúsaithe foluiteacha a áireamh san uimhreoir agus san ainmneoir.
18. D'ainneoin mhír 17, maidir le neamhchosaintí urrúsaithe i ina ngníomhaíonn institiúidí mar infheisteoirí, féadfaidh institiúidí an treoir seo a leanas a úsáid mar mhalairt air sin: ba cheart a mheas go gcomhlíontar go huathoibríoch an measúnú thuasluaite ar éagsúlú i gcás suíomh infheisteora institiúide in urrúsú, a mhéid atá an t-urrúsú sin comhdhéanta de neamhchosaintí foluiteacha, nach n-iarrtar faisnéis ina leith sna teimpléid dá dtagraítear in Airteagal 7 den Rialachán sin, i gcomhréir leis na ceanglais díchill chuí agus trédhearcachta a leagtar amach in Airteagail 5 agus 7 de Rialachán (AE) 2017/2402, maidir leis an bhféichiúnaí agus le luach neamhchosanta neamhchosaintí foluiteacha an tsuímh urrúsaithe sin. Níor cheart feidhm a bheith ag an maolú seo ach amháin sna cásanna sin nach ndéantar foráil sna

teimpléid a shainordaítear faoi Airteagal 7(4) de Rialachán (AE) 2017/2402 maidir leis an bhfaisnéis ar fhéichiúnaí agus ar mhéid an fhéichiúnaí.